Coláiste Chamuis
IS FIÚ AGUS IS FÉIDIR

Tá Coláiste Chamuis ar an bhfód le 50 bliain ag eagrú cúrsaí lántumadh teanga i nGaeltacht Chonamara, agus éiríonn lenár gcuid scoláirí líofacht bhreá a bhaint amach sa Ghaeilge i dtimpeallacht dhearfa spreagúil inár gcampas sain tógtha, Teálta na hÓige, Ros a' Mhíl, Co. na Gaillimhe. Cuireann muid an bhéim i gcónaí ar an nGaeilge bheo agus ar rannpháirtíocht chuile scoláire in imeachtaí taitneamhacha spóirt, cultúrtha agus siamsaíochta.

**Folúntas do Bhainisteoir Cúnta Riaracháin i gColáiste Chamuis**

| | |
|---|---|
| Uaireanta Oibre | Luan go hAoine, 9 go 5.<br>Solúbthacht ag teastáil maidir le uaireanta i rith séasúr an tsamhraidh - tús agus deireadh cúrsaí ach go háirithe. |
| Tuarastal | Tá tuarastal mhaith ag ráta an mhargadh cuí.<br>Ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí. |
| Téarma Conradh | 9 mí .<br>Tá deis ann go b'fhéadfaí post buan a dhéanamh den phost seo don iarrthóir cuí. |
| Lóistín | Tá lóistín i Ros a' Mhíl ar fáil leis an phost seo. |
| Freagrach | Do Bhainisteoir an Choláiste. |
| Láthair Oibre | Teálta na hÓige, Ros a' Mhíl, Co. na Gaillimhe, H91 AW21.<br>Is obair ar láthair atá i gceist leis an ról seo.<br>Iarrfar freisin ar an té a cheapfar, freastal ar chruinnithe agus imeachtaí timpeall na tíre ó am go chéile. |

**Taithí / Scileanna Riachtanacha:**

1. Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag an té a cheapfar agus a bheith in ann comhfhreagrais agus obair riaracháin a dhéanamh trí Ghaeilge.
2. Taithí Riaracháin Taithí dhá bhliain i ról riaracháin agus airgeadais nó a mhacasamhail.
3. Ardchumas scileanna ag obair le Microsoft Office (excel ach go háirithe).
4. Ardchumas scileanna sóisialta agus óstaigh.
5. Scileanna riarachán agus riarachán gnó/airgeadais.
6. Taithí i mbainistíocht, bainistíocht foirne, eagrú tograí agus imeachtaí.
7. Ceadúnas tiomána reatha agus teacht ar d'fheithicil féin.

**Scileanna inmhianaithe agus tréithe pearsanta**

1. Duine Eagraithe a bhfuil taithí mhaith aige/aici ar riaradh tograí/imeachtaí agus dírithe ar mhionsonraí agus go maith ag obair as a stuaim féin.
2. Duine muiníneach, féinspreagtha, cruthaitheach agus dírithe ar spriocanna.
3. Bheith in ann obair go héifeachtach mar chuid d'fhoireann agus leat féin.
4. Cumas bheith ag obair de réir spriocdhátaí teanna agus faoi bhrú.
5. Cáilíocht i gcuntasaíocht nó gnó dhigiteach nó taithí ábhartha.

**Príomhdhualgais an Phoist**

Beidh an Bainisteoir Cúnta Riaracháin ag tacú leis Bainisteoir an Coláiste i riarachán an Choláiste sna bealaí seo a leanas:

- Cabhrú leis an mBainisteoir turais scoile agus cúrsaí an tsamhraidh a riaradh agus a eagrú chun a chinntiú go bhfuil gach grúpa a thagann ar chúirt go Coláiste Chamuis sásta agus iad ag fágáil le gach gné dá gcuid ama leis an gColáiste.

- Bainistiú a dhéanamh le foireann na hoifige ar chóras clárúcháin scoláirí, mná tí agus múinteoirí.
- Bainistiú a dhéanamh ar eagrú busanna do chúrsaí an tsamhraidh agus turais scoile srl.
- Bainistiú a dhéanamh ar shocruithe soláthróirí an Choláiste do chúrsaí an tsamhraidh agus turais scoile srl. (mar shampla turais lae, busanna, bannaí ceoil, criú scannánaíochta)
- Bainistiú a dhéanamh ar ordú achmhainní an Choláiste do chúrsaí an tsamhraidh agus turais scoile srl (mar shampla, liathróidí, ábhar glantachán, ábhar ranga srl).
- Cúrsaí árachais a choimeád suas chun dáta.
- Tacaíocht rúnaíochta don bhainisteoir ag ullmhú/dréachtadh aighneachtaí, comhfhreagras, foirmeacha aitheantais srl.
- Cabhrú leis an mBainisteoir gnó nua a aimsiú agus féilire shéasúr na ngrúpaí turais scoile a líonadh
- Socruithe taistil agus íostas a dhéanamh don fhoireann agus stiúrthóirí nuair is gá.
- Cumarsáid, comhoibriú agus gaol a chothú le mná tí, foireann, grúpaí pobail, eagrais reachtúil agus eagrais stáit.
  Cabhrú le próiseas agus straitéis earcaíochta agus margaíochta (dírithe ar scoláirí, scoileanna agus foireann) an Choláiste a chur i bhfeidhm
- Tacú le cúrsaí airgeadais agus cuntais a riaradh don bhfoireann airgeadais (mar shampla, tuairsicí a ullmhú maidir le íocaíochtaí mná tí ar chúrsaí an tsamhraidh agus turais scoile, paigh múinteoirí agus cúntóirí i rith an tsamhraidh)
- Aon chúram eile a cheapfaidh an Bainisteoir  a bheidh oiriúnach ó am go ham.

Iarratais: Má tá spéis agat bheith mar bhall d'ár bhfoireann fhuinniúil Gaelach spreagtha Seol do CV mar aon le litir iarratais chuig siobhan@colaistechamuis.ie roimh 17:00 i.n. ar an Aoine an 22ú Márta.  Déanfar teagmháil le hiarrthóirí faoi 29ú Márta maidir le hagallamh.

Is féidir teacht ar níos mó eolais ach r-phost a sheoladh chuig siobhan@colaistechamuis.ie